C/2024/4801

31.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11651 – ARDIAN / QH / FGP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4801)

1. An 16 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ardian France S.A. (an Fhrainc) ('Ardian'), faoi rialú Ardian Holding SAS, an Fhrainc;

— Qatar Holding LLC ('QH'), faoi rialú Qatar Investment Authority ('QIA'), Catar;

— FGP Topco Limited ('FGP'), cuideachta sealbhaíochta deiridh Heathrow Airport Holdings Limited, an Ríocht Aontaithe, faoi rialú comhpháirteach Ferrovial S.A. ('an Spáinn') agus HQ faoi láthair.

Gheobhaidh Ardian agus QH rialú comhpháirteach ar FGP de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh domhanda agus bainisteoir sócmhainní domhanda é Ardian;

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta dhomhanda é QH a bhunaigh QIA, ciste infheistíochta ceannasach Stát Chatar.

3. Trína fhochuideachtaí, tá úinéireacht ag FGP ar Aerfort Heathrow sa Ríocht Aontaithe, agus déanann sé é a bhainistiú agus a chothabháil freisin, lena n-áirítear rúidbhealaí, críochfoirt, córais bhagáiste, agus saoráidí aerfoirt eile, lena n-áirítear an tseirbhís iarnróid Heathrow Express.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11651 – ARDIAN / QH / FGP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË